Bunreacht na Comhairle

Leagann an Bunreacht amach ról agus dualgais Chomhairle na nDaltaí agus na rialacha a bhaineann léi.

**Aidhm na Comhairle**

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle ról lárnach a bheidh aici i bhfás agus i bhforbairt na scoile.

Go bhfeabhsódh sí atmaisféar, cionníollacha agus áiseanna na scoile agus go gcothófaí dea-chaidreamh idir na páirtnéirí oideachais ar fad.

Go gcoimeádfadh ionadaithe na Comhairle rialacha na scoile agus go dtaispeánfadh siad dea-shampla i gconaí.

Go mbeadh an Chomhairle lárnach sa bpróiseas forbairt polasaithe.

Gurbh í an Ghaeilge módh cumarsáide na Comhairle.

Go dtoghfar beirt ionadaithe ó gach bliain ar an gcomhairle ag tús na scoilbhliana.

Go dtoghfar na hoifigigh ag an gcead chruinniú agus gurbh iad seo a leanas a thoghfar: Cathaoirleach, Cisteoir, Rúnaí agus Oifigeach Caidrimh Poiblí.

Go gcinnteofar an bunreacht ag tús na scoilbhliana.

Go gcuirfear bunreacht na Comhairle chuig an Bord Bainistíoctha le daingniú

Go gcuirfear clár an chruinnithe amach trí lá roimh gach cruinnithe.

Go dtógfaidh an Rúnaí miontuairiscí ag gach cruinniú agus go mbeadh athchoimre ar fáil don bPríomhoide agus an Múinteoir idirchaidrimh.

Go léifear amach na miontuairiscí ag tús gach cruinniú agus go n-aontófaí orthú.

Ó ham go chéile go dtoghfar fochoistí agus coistí feidhmiúncháin de réir mar is gá.

Go dtabharfaí cuireadh oscailte don bPríomhoide agus don Mhúinteoir Idirchaidrimh chuig na cruinnithe ar fad.

Gurbh é ról an Múinteoir Idirchaidrimh ná treoir agus tacaíocht agus aiseolas a thabhairt don bpríomhoide agus don fhoireann.

Go n-eagrófar cruinnithe go rialta. Iarrtar ar na baill ar fad a bheith i láthair.

Go gcoimeádfadh an cisteoir cúntaisí agus go mbeadh siad ar fáil don scoil ag deireadh na scoilbliana.

Más mian leis an gcomhairle an bunreacht a athrú is gá tromlach de dhá thrian de vótaí ball tofa na Comhairle chun é sin a dhéanamh.

Nach bpléifear ainm múinteora ag na cruinnithe i gcás smachta nó cumas múinteoireachta.

Is de réir vóta a dheánfar cinntí. Sa chás go mbionn an vóta cothrom is ag an gcathaoirleach atá an vóta réitigh.

Casfaidh Cathaoirleach an Bhoird leis an bPríomhoide go rialta chun nithe a phlé.

Is i scríbhínn a dhéanfar aon iarratas chuig an Príomhoide. Tabharfar chun cinn ansin iad go dtí an Bord Bainistíochta.

Is féidir ball tofa na Comhairle a scor má cháilleann sé / sí dhá chruinniú i ndiaidh a chéile nó má chuirtear é / í ar fionraí nó má bhíonn sé / sí sa leabhar dearg nó leabhar na Gaeilge ró-mhinic.

Ainm an Chathaoirligh

*Ian Ó Cuirrín* Meán Fómhair 2011